

Bileog 9.1a, Bileog 9.1b agus Bileog 9.1c

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 9.1a** ar gach duine.
- Cúrsaí scolaíochta – Stór focal:* Abair le gach beirt ransú intinne a dhéanamh ar na cineálacha scoileanna atá ann faoi na teidil tugtha, mar shampla:
 - 0-5 bliain: Naíolann, Crèche, Montessori, Réamhscoil agus Ciondargairdín
 - 4-12 bliain: Bunscoil, Gaelscoil agus Scoil Náisiúnta
 - 12-18 bliain: Gairmscoil, Pobalscoil, Scoil chónaithe, Scoil chlochair, Gaelscoil agus Scoil chuimsitheach
 - 18+ bliain: Ollscoil, Coláistí tríú leibhéal, Coláistí Oiliúna agus Institiúidí Teicneolaíochta
 - As Gaeilge: Gaelscoil (idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna) agus Naíolanna
 - Oideachas eile: Scolaíocht bhaile, Scoil mheasctha agus Scoil ilchreidmheach
- Cúrsaí scolaíochta – Léamh:* Iarr ar gach beirt an t-alt a léamh amach os ard le chéile.
- Tabhair tamall dóibh a machnamh a dhéanamh ar theanga an ailt ansin. Is alt pearsanta é mar:
 - Tá an tuairisceoir ag caint faoi eachtra a tharla ina shaol féin;
 - Tugann sé a lán eolais dúinn faoina shaol pearsanta;
 - Cuirtear mothúcháin an tuairisceora in iúl san alt;
 - Cuirtear tuairimí an tuairisceora in iúl san alt;
 - Ní teanga lom atá i gceist, ach teanga phrósach, mar shampla – ‘dá thoil dheonach fhionn ghormshúileach féin’.
- Abair leis na foghlaimeoirí líne a chur faoi na focail úra a d’fhoghlaim siad ón téacs agus iarr orthu iad a chur in abairtí lena mbrí a léiriú don tseachtain seo chugainn.
- Cúrsaí scolaíochta – Plé:* Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar agus cuir ag obair iad ar an ceisteanna ag bun an leathanaigh. Tuairimíocht atá i gceist. Pléigh na tuairimí a bhí ag na foghlaimeoirí ar fad nuair a bheidh siad críochnaithe.
- Scaip **Bileog 9.1b** ar gach beirt agus mínigh dóibh gur ceacht gramadaí atá ann bunaithe ar an alt a léigh siad.
- Cúrsaí scolaíochta – Teanga:* Abair le gach beirt na ceisteanna (a) – (d) a dhéanamh.

Freagraí:

a)

Ainmfhocal	1 (séimhiú)	2-6 (séimhiú)	7-10 (urú)
Consan (bord/cóta/gúna)	aon bhord amháin aon chóta amháin aon ghúna amháin	dhá bhord trí chóta cúig ghúna	seacht mbord ocht gcóta deich ngúna
Guta (uimhir/oíche/ubh)	aon uimhir amháin aon oíche amháin aon ubh amháin	trí uimhir ceithre oíche cúig ubh	ocht n-uimhir naoi n-oíche deich n-ubh

- b) Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal le guta cuirtear séimhiú ar an fhocal **déag**. Mar shampla: dhá chóta **dhéag** ach trí bhord déag/ceithre uimhir déag ach seacht n-oíche **dhéag**.
- c) Tá an t-ainmfhocal **toil** baininsneach agus mar sin tá séimhiú ar na haidichtaí a leanann é. Más focal firinsneach atá i gceist ní shéimhítear na haidichtaí ina dhiaidh, mar shampla: dá thoilú deonach fionn gormshúileach.
- d) 6 cheacht dheacra 85 buidéal glas 18 mbord mhóra 155 pláta bán
17 gcathaoir dhubha 31 bróg bheag 15 leabhar shuimiúla 3 fhocal bheaga
78 cluiche maith 11 siopa

- Scaip **Bileog 9.1c** ar gach beirt.
- *An tuiseal ginideach – Rialacha:* Abair leo na rialacha a bhaineann leis an tuiseal ginideach a léamh le chéile agus samplaí eile a chur leis na samplaí tugtha. Ansin, iarr orthu an t-alt ar **Bileog 9.1a** a léamh arís ina mbeirteanna agus tuilleadh samplaí den tuiseal ginideach a aimsiú ann le cur faoi na pointí 1-4.

Freagraí:

- a) aobhneas na Bealtaine/aois meánscoile/coinní dochtúra/ócáidí spóirt/uair an chloig/seirbhísí spóirt/oiread sin oibre/oiread sin trioblóide/ábhar meánscoile/Tuaisceart Éireann
- b) chun na hotharlainne/chun na scoile

Bileog 9.2a agus Bileog 9.2b

- Cuir gach beirt le chéile agus scaip **Bileoga 9.2a** orthu.
- *Scoil agus páistí – Cumadóireacht:* Mí-nigh don rang go mbeidh siad ag léamh ailt ar ball. Caithfidh gach beirt an t-ábhar a bhaineann leis an alt a shamhlú, ag úsáid na nathanna/frásaí atá tugtha dóibh.
- *Scoil agus páistí – Féachaint.* Nuair atá sé sin pléite acu, iarr ar gach beirt an méid atá pléite acu a rá amach os ard. Ansin, tabhair deis dóibh an t-alt a léamh den chéad uair. Nuair atá an méid sin déanta acu, iarr orthu ceisteanna A agus B a fhreagairt, agus ansin aghaidh a thabhairt ar C mar phlé. Bí thusa ag siúl thart le cuidiú leo más gá. Ansin pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad nuair atá tamall maith caite ag na foghlaimeoirí á bplé ina mbeirteanna.
- Scaip **Bileog 9.2b** ar gach beirt agus mí-nigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le habairtí ó chanúint na Mumhan, chanúint Uladh agus chanúint an Iarthair.
- *Scoil agus páistí – Éisteacht:* Mí-nigh don rang go bhfuil trí script ann faoi gach canúint atá nach mór mar an gcéanna ach nach bhfuil cuid den fhoclóir a bhfuil an bhrí chéanna aige mar an gcéanna, mar atá sa chaint ar ndóigh.
- Iarr orthu (a) a dhéanamh ar dtús sula gcuirfidh tú an dlúthdhiosca ar siúl. (b) Ansin, cuir an dlúthdhiosca ar siúl agus abair leo an script a léamh agus iad ag éisteacht. Pléigh na focail sna canúintí ar fad leo. Cuir béim chomh maith ar na difríochtaí foghraíochta atá ann idir na canúintí.

Freagraí:

a)

CC	CU	CM
faoi cúnamh an gceapann tú? imní cén chaoi a bhfuil tú? cabhair an bhféadfainn Gaeilge cén uair?	cad é mar atá tú? foscailte cuidiú an dtig liom an síleann tú cén t-am? fá Gaeilic	faoi imní Gaolainn an dóigh leat? cathain? conas atá tú? an féidir liom? mar gheall ar

- c) Deirtear ‘tá mé buartha’ i gcanúint Uladh agus ciallaíonn sé sin ‘tá brón orm’ sna canúintí eile. Samplaí eile: **Tinn** – *sick* i gcanúint Uladh ach *sore* i gcanúint na Mumhan; **Nimhneach** – *sore* i gcanúint Uladh ach *poisonous* i gcanúint na Mumhan agus Chonnacht.
- d) I gcanúint na Mumhan baintear úsáid as an fhoirm tháite de na briathra san aimsir chaite.

- *Scoil agus páistí – Plé:* Cuir i ngrúpaí de thriúr na foghlaimoírí. Tabhair tamall dóibh na ceisteanna anseo a phlé le chéile. Bí thusa thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Nuair atá tamall maith caite acu ag plé na gceisteanna téigh siar ar aon bhotún nó deacracht a chuala tú le linn na gníomhaíochta.

Bileog 9.3

Scaip **Bileog 9.3** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.

- *Scoil agus déagóirí – Léamh:* Mí-nigh don rang go mbeidh siad ag léamh léirmheasa faoi leabhar do dhéagóirí agus faoi shaol déagóirí. Mí-nigh dóibh chomh maith go bhfuil sé dúshlánach go leor ach gan a bheith buartha, tá an ghluais ann chun cuidiú leo chomh maith. Abair leo an t-alt a léamh ina mbeirteanna agus plé a dhéanamh ina mbeirteanna ar cén fáth a bhfuil an séimhiú ann sna samplaí ón téacs a bhfuil cló dubh orthu.

Freagraí:

1. an úsáid **fhorleathan** – tá *úsáid* baininsneach agus mar sin tá séimhiú ar an aidiacht.
 2. gnáth-theanga **dhéagóirí** an lae inniu – nuair a thagann dhá thuiséal ginideach le chéile mar seo cuirtear séimhiú ar an chéad ainmfhocal agus fágtar sa tuiséal ainmneach é. (gnáth-theanga **na ndéagóirí + déagóirí** an lae inniu) = gnáth-theanga dhéagóirí an lae inniu.
 3. teaghlaigh '**ghnácha**' – nuair a chríochnaíonn ainmfhocal le consan caol mar seo san uimhir iolra cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann é.
 4. ar **mheánscoileanna** – cuirtear séimhiú ar ainmfhocail a leanann an réamhfhocal simplí *ar*.
 5. de **chuid** – cuirtear séimhiú ar ainmfhocail a leanann an réamhfhocal simplí *de*.
 6. a **mháthair** – an aidiacht shealbhach, **his** mother.
 7. cúlra **Choilm** – an tuiséal ginideach.
 8. ar an **choimhthiú** – cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal (a thosaíonn le consan) sa tuiséal tabhartha i gcanúint Uladh amháin.
 9. trí **shúile** – cuirtear séimhiú ar ainmfhocail a leanann an réamhfhocal simplí *trí*.
 10. saol comhaimseartha **Bhaile Átha Cliath** – an tuiséal ginideach.
- *Scoil agus déagóirí – Plé:* Cuir gach triúr le chéile agus abair leo na ráitis agus na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad nuair atá siad críochnaithe.

Bileog 9.4a agus Bileog 9.4b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 9.4a** orthu.
- *Cúrsaí oideachais – Curriculum Vitae:* Mí-nigh dóibh gur pointí eolais atá ar an bhileog atá ar fáil ar shuíomh idirlín *Europass* ar conas CV a chur le chéile mar is ceart. Abair leo nach bhfuil ach na pointí a bhaineann le hoideachas idir lámhe acu anois. Tabhair tamall do gach beirt na pointí a léamh le chéile.
- *Cúrsaí oideachais – Rólimirt:* Mí-nigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta ar ball. Beidh siad beirt ag cur agallaimh ar a chéile.
- Iarr orthu an CV folamh ar **Bileog 9.4b** a líonadh isteach lena gcuid eolais pearsanta féin. Bí ag siúl thart le cuidiú leo más gá.
- Abair leo na bileoga (CV) a mhalartú agus an rólímirt a dhéanamh. Caithfidh siad ceisteanna a chur ar a chéile ar nós na gceisteanna atá tugtha agus ba cheart go mbeidh a gcuid freagraí ar nós na samplaí tugtha chomh maith.
- Iarr ar bheirteanna éagsúla an rólímirt a dhéanamh os comhair an ranga. Ceartaigh aon bhotúin a chloiseann tú.
- Pléigh deacrachtaí ar bith a bhí acu le linn na gníomhaíochta.